



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2015

EOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 11 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go 11.30

TREORACHA

1. Scríobh do **scrúduimhir** sa bhosca atá ann di ar an leathanach seo.
2. Freagair **gach** ceist.
3. Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo.
Má tá spás breise uait, tá leathanach breise curtha ar fáil ar chál an leabhráin seo.
4. Tá cead agat úsáid a bhaint as an leabhrán, *Foirmí agus Táblaí*, atá faofa lena úsáid sna Scrúduithe Stáit. Is féidir cóip a fháil ó fheitheoir na scrúduithe.

Uimhir an Ionaid

Scrúduimhir

Don scrúdaitheoir amháin	
Roinn / Ceist	Marc
Bitheolaíocht	
C.1 (52)	
C.2 (39)	
C.3 (39)	
Ceimic	
C.4 (52)	
C.5 (39)	
C.6 (39)	
Fisic	
C.7 (52)	
C.8 (39)	
C.9 (39)	
Iomlán (Páipéar)	
Bónas don Ghaeilge	
Móriomlán (Páipéar) (390)	
Obair Chúrsa A (60)	
Obair Chúrsa B (150)	
Móriomlán (600)	


Bitheolaíocht**Ceist 1**

(52)

- (a) Is tréith é an t-atáirgeadh atá i gcomhpháirt ag gach rud beo. Liostaigh dhá thréith eile ag rudaí beo.

1. _____ 2. _____


- (b) Sna léaráidí taispeántar gearrthacha trí thrí shaghas fuileadán a fhaightear i ndaoine.
- (i) Sa tábla scríobh an litir **A** in aice leis an artaire.
- (ii) Scríobh an litir **V** in aice leis an bhféith.



- (c)(i) Sa tábla scríobh an litir **P** in aice le meánráta chuisle an duine agus é ag ligean a scíthe.
- (ii) Scríobh an litir **C** in aice leis an athrú a tharlaíonn ar an ráta cuiisle le linn aclaíochta.

	37 b.s.n.
	70 b.s.n.
	Méadú
	Laghdú


- (d) Faigtear próitéisín i móran bianna, bainne agus uibheacha san áireamh.
- (i) Ainmnigh ceimiceán a úsáidtear sa tsaotharlann chun láithreacht na próitéisine i mbia a thástáil.



- (ii) Scríobh an litir **C** in aice leis an dath a tháirgtear má tá próitéisín i láthair sa sampla bia.

	Buí
	Corcra

- (e) Is iad atá i bpirimidí an bhia ná treoirlínte don mhéid de bhianna difriúla ba chóir dúinn a ithe gach lá.



- (i) Scríobh an litir **X** ar phirimid an bhia chun a thaispeáint cá bhfaightear bianna stáirsíúla.

- (ii) Scríobh an litir **Y** ar phirimid an bhia chun a thaispeáint cá bhfaightear na bianna ba chóir a ithe i méideanna beaga.

- (f) Agus solas á úsáid mar fhoinsé fuinnimh, ainmnigh an próiseas trína ndéanann duilleoga planda, bia.
-




- (g) As na focail a bhfuil líne fúthu san abairt thíos, roghnaigh *einsím* agus *táirge* an imoibrithe.

“Le linn díleá cheimicigh sa bhéal gníomhaíonn amaláis ar stáirse agus déantar an siúcra maltós as.”

- (i) Is é an einsím ná _____.

- (ii) Is é an táirge ná _____.



- (h) Chun duilleog a tháistíl le haghaidh láithreacht stáirse, ar dtús déantar an duilleog a fhiuchadh in uisce chun í a mharú. Ansin cuirtear an duilleog i leacht **X** chun a clóraifill a bhaint amach aisti.

- (i) Ainmnigh an leacht **X** a úsáidtear chun an chlóraifill a bhaint amach as an duilleog. _____

- (ii) Sainaithin an tsiomайл na sábhálteachta seo, a fhaightear ar an mbuidéal a bhfuil leacht **X** ann.
-



- (iii) Cén réamhchúram sábhálteachta ba chóir duit a chomhlíonadh agus an leacht seo á úsáid agat?
-

Ceist 2


(39)

(a) Sa léaráid taispeántar córas atáirgthe baineann an duine.

(21)

(i) Sa tábla scríobh an litir **A** in aice le hainm na coda lipéadaithe **A**.

(1) (2)

(ii) Scríobh an litir **B** in aice le hainm na coda lipéadaithe **B**.(iii) Scríobh an litir **C** in aice le hainm na coda lipéadaithe **C**.

(iv) Tabhair feidhm amháin atá ag an ubhagán.


(v) Cé acu ceann de na codanna lipéadaithe **A**, **B** nó **C** a dtarlaíonn toirchiú ann de ghnáth?

(vi) Ainmnigh modh frithghiniúna amháin.

(b) Sa léaráid taispeántar córas análaithe an duine.

(18)

(1) (2)



- (i) Déan cur síos ar iarmhaint amháin a bhíonn ag caitheamh tobac ar chóras análaithe an duine.
-

- (ii) Ainmnigh an chuid de chnámharlach an duine a thugann cosaint do na scamhóga.
-

- (iii) Roghnaigh na focail chearta as an mbosca chun na habairtí seo a leanas a chomhlánú.

“Le linn malartú gáis tógtar _____
as na scamhóga isteach i sruth na fola.”

Dé-ocsaíd charbóin

Ocsaigin

Nítrigin


“Le linn malartú gáis tógtar _____
as sruth na fola isteach sna scamhóga.”

- (iv) Déanann plandaí malartú gáis freisin.

Ainmnigh codanna an phlanda lipéadaithe **A** agus **B**.

A _____

B _____



Ceist 3


(39)

Don
scrúdaitheoir
amháin

- (a) Rinne mac léinn tsuirbhé ar na plandaí i ngnáthóg féaraigh. Sa tábla taispeántar torthaí an tsuirbhé. (15)

Planda	Féar	Seamair	Nóinín	Cam an ime
Minicíocht	100	30	60	50

- (i) Bain úsáid as na sonraí seo chun barrachairt de mhinicíocht gach planda a tharraingt sa ghreille atá thíos.



- (ii) Ainmnigh planda a bhfuil minicíocht níos ísele ná an nóinín aige. _____
- (iii) Ainmnigh píosa trealaimh a d'fhéadfadh an mac léinn a úsáid le linn an tsuirbhé.
- _____


- (b) Mol sampla amháin de na slite is féidir le gníomhaíocht an duine iarmhairt dhearfach a bheith aici ar an timpeallacht agus sampla amháin de na slite is féidir le gníomhaíocht an duine iarmhairt dhiúltach a bheith aici ar an timpeallacht. (6)

Iarmhairt dhearfach _____

Iarmhairt dhiúltach _____

- (c) Sa ghrianghraf taispeántar mias steiriúil d'agar cothaitheach is féidir a úsáid agus láithreacht miocrorgánach san aer agus sa talamh á fiosrú. (18)

- (i) Cén aidhm atá ag na cothaithigh san agar cothaitheach?



- (ii) Caithfidh na miasa a bheith *steiriúil* roimh an turgnamh.

Sa tábla scríobh an litir S in aice le brí an fhocail “steiriúil”.

	Tá miocrorgánaigh ag fás sna miasa
	Níl aon mhiocrorgánigh beo i láthair sna miasa

- (iii) Déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí miocrorgánaigh a chur leis na miasa as an aer agus as an talamh.

Aer _____

Talamh _____

- (iv) Úsáideadh mias steiriúil d'agar cothaitheach amháin mar chóimheastóir.

Cad is cóimheastóir ann?

- (v) Caithfear na miasa a ghoradh chun ligean do na miocrorgánaigh fás.

Scríobh an litir T in aice leis an teocht atá oiriúnach don ghor.

	30 °C
	100 °C

Ceimic

(52)

Ceist 4

- (a) Sa tsaotharlann ligean mac léinn do aigéad hidreaclórach titim anuas ar shliseanna marmair (carbónait chailciam) agus bailíonn sé an gás a scaoiltear.

(i) Ainmnigh an gás. _____

- (ii) Scríobh an litir T in aice leis an tástáil a úsáidtear chun láithreacht an gháis seo a dhearbhú.

	Casann aoluisce bainníúil
	Casann aoluisce glas

- (b) Tá trí staid an ábhair ann: solad, leacht agus gás.

Scríobh an litir S in aice an dá thréith atá i gcomhpháirt ag na solaid go léir.

	Tá cruth socair aige
	Níl cruth socair aige
	Tá toirt socair aige
	Níl toirt socair aige

- (c) As an liosta thíos roghnaigh an dá phróiseas a dhéantar le linn cóireáil uisce sula ndéantar é a chaidéalú chuig ár dtithe.


Clóiríniú**Comhdhlúthú****Seagachán****Dí-ocsáidiú**

1. _____ 2. _____

- (d) Sa léaráid taispeántar an gaireas a úsáidtear chun driogadh a dhéanamh ar uisce na farraige.

(i) Ainmnigh an píosa trealaimh ba chóir a chur ag X. _____

(ii) Cad a mbeifeá ag súil lena fháil san eascra nuair atá an driogadh críochnaithe?



- (e)(i) Scríobh an litir **W** in aice le ceimiceán is féidir a úsáid chun tástáil le haghaidh láithreacht uisce.

	Sulfáit chopair ainhidriúil
	Carbónait chailciam
	Clóiríd chóbaitl

Don scrúdaitheoir amháin

(1) (2)

- (ii) Cén dath a thagann ar an gceimiceán seo in uisce? _____

- (f) Ceann de na gáis a fhaightear in aer ná dé-ocsaíd charbóin.

- (i) An bhfuil dlús níos mó *nó* níos lú ná aer ag dé-ocsaíd charbóin? _____

- (ii) Tá líon áirithe úsáidí ag dé-ocsaíd charbóin.

Breac síos úsáid amháin atá ag dé-ocsaíd charbóin.

- (g) Sa tabla taispeántar na luchtanna de cháithní fo-adamhacha.

- (i) Scríobh an litir **P** in aice le lucht an phrótóin.

	Diúltach
	Neodrach
	Deimhneach

- (ii) Scríobh an litir **E** in aice le lucht an leictreoin.

- (h) Tá an fhoirmle cheimiceach **H₂O** ag uisce.


- (i) Ainmnigh an dá dhúil atá in uisce.

Dúil 1 _____

Dúil 2 _____

- (ii) Déantar na hadaimh i móilín uisce a choinneáil le chéile ag naisc a chruthaítar nuair a roinneann na hadaimh péirí leictreon lena chéile.

Ainmnigh nasc den saghas seo.



(7 × 6 + 1 × 10)

Ceist 5

(39)

- (a)(i) Roghnaigh an cóimhiotal as an liosta ar dheis.

Copar
Cré-umha
Stán

(9)


Don
scrúdaitheoir
amháin

(1) (2)

- (ii) Déan cur síos ar úsáid amháin atá ag an gcóimhiotal seo.

- (iii) An meascán *nó* comhdhúil é cóimhiotal? _____

- (b) Sa léaráid taispeántar teicníocht deighilte a úsáidtear chun dúigh éagsúla a scrúdú.(18)



- (i) Roghnaigh ainm an teicníocht deighilte seo as an liosta ar dheis. _____

Crómatografaíocht
Scagachán

- (ii) Ainmnigh leacht a d'fhéadfaí a úsáid mar leacht X. _____

- (iii) Cén fáth a bhfuil na spotaí dúigh **A** agus **B** curtha lastuas den leacht?

- (iv) Cé acu ceann de na dúigh, **A** *nó* **B**, a ndéantar as níos mó ná dath amháin? _____

Tabhair cúis le do fhreagra.

- (c) Le cabhair léaráid lipéadaithe, déan cur síos ar conas a thaispeánfá gur ocsaigin í an cúigiú cuid, go garbh, den aer. (12)
D'fhéadfadh na ceannteidil thíos cabhrú leat.

Léaráid lipéadaithe

(1) (2)

Trealamh: _____


Modh oibre: _____

Toradh: _____

Ceist 6

- (a) Sa léaráid taispeántar an trealamh a úsáidtear i dturgnamh toirtmheaschta ina n-imoi bríonn aigéad agus bun le chéile.

(18)



(i) Ainmnigh an píosa trealaímh lipéadaithe **X**. _____

(ii) Cén aidhm atá leis an táscaire?

(iii) Imoibríonn an t-aigéad agus an bun le chéile chun clóirid sóidiam agus uisce a dhéanamh.

Scríobh an litir **A** in aice leis an aigéad a úsáideadh.

Scríobh an litir **B** in aice leis an mbun a úsáideadh.

Aigéad hidreaclórach
Aigéad sulfarach
Hiodrocsáid sóidiam
Carbónáit chailciam


(iv) Roghnaigh an modh a d'úsáidfeá chun an chlóiríd sóidiam a dheighilt ón uisce tar éis an toirtmheaschta.

**Creimeadh
Galú**

(b) Sa léaráid taispeántar táirgeadh na hocsagine.

(21)

(1) (2)



Is í an catalaíoch sa turgnamh seo ná dé-ocsaíd mhangainéise.

(i) Cén dath é dé-ocsaíd mhangainéise, dubh nó dearg? _____

(ii) Cad is catalaíoch ann?

(iii) Ainmnigh leacht Y. _____

(iv) Déan cur síos ar conas a d'fhéadfadh mac léinn a thaispeáint gurb é an gás a tháirgtear ná ocsaigin.

(v) Dónn maignéisiam in ocsaigin chun ocsaíd mhaignéisiam a dhéanamh.

Déan cur síos ar an lasair a tháirgtear nuair a dhónn maignéisiam in ocsaigin.

Scríobh an litir **E** in aice leis an iarmhaint atá ag an ocsaíd mhaignéisiam ar pháipéar litmis tais.

	Athraíonn an dath ó ghorm go dearg
	Athraíonn an dath ó dhearg go gorm

Fisic

Don
scrúdaitheoir
amháin

(1) (2)

(52)

Ceist 7

- (a) Sa léaráid taispeántar barramhaighnéad.

Tarraing patrún an réimse mhaighnéadaigh a thabharfá faoi deara dá gcuirfí mionrabh iarainn nó compáis bhreactha timpeall an bharramhaighnéid.



- (b) Déantar bosca, de mheáchan 20 N, a ardú suas fad 5 m.


- (i) Scríobh an litir **W** in aice leis an méid oibre a rinneadh.

- (ii) Scríobh an litir **X** in aice leis an aonad tomhais don oibre.

	4
	100
	Vata (W)
	Giúl (J)

- (c) Sa phictiúr tá crandaí bogadaí agus is sampla de luamhán é.


- (i) Scríobh an litir **F** ag suíomh an bhuthail (pointe casaidh).



- (ii) Tabhair gnáthshampla laethúil eile den luamhán.

- (d)(i) Cad a thabharfá faoi deara faoi fhuaim an chloig sa phictiúr ar dheis tar éis don folúschaidéal a bheith casta ar siúl? _____

- (ii) Cad a deir sé seo linn faoin fhuaim?




- (e) Gníomhaíonn fórsa na frithchuimilte i móran
áiteanna i gcarr.
- (i) Conas a athraíonn méid na frithchuimilte nuair a
bhrúnn an tiománaí an troitheán coscáin?
-



- (ii) Conas a athraíonn méid na frithchuimilte idir na boinn agus an bóthar nuair atá an
bóthar clúdaithe le hoighear?
-

- (f) Sa léaráid taispeántar trealamh is féidir a úsáid
sa tsaotharlann chun an tionchar a bhíonn ag teas ar
mhiotal a scrúdú. Déan cur síos ar conas a úsáidtear é.
-
-



- (g)(i) Conas a thagann athrú ar bhrú an aeir agus tú ag dul suas sliabh?
-

- (ii) Conas a athraíonn fiuchphointe an uisce nuair a laghdaítear brú an aeir?
-


- (h)(i) Críochnaigh an abairt seo a leanas agus focail ón mbosca á n-úsáid agat.

“Is atá i gcomhiompar ná traschur teasa trí _____ nó trí
_____.”

**Solad
Leacht
Gás**

- (ii) Tá ruaim bhia curtha leis an uisce chun treo gluaiseachta
an teasa a thaispeáint.

An mbeifeá ag siúl leis go ngluaisfeadh an ruaim bhia
sa treo **A** nó sa treo **B** nuair a chastar an dóire Bunsen ar siúl?



$$(7 \times 6 + 1 \times 10)$$

Ceist 8


(39)

- (a) Sa tsaotharlann tá sé tábhachtach a bheith in ann tomhais chruinne a dhéanamh. (12)
- (i) Ainmnigh píosa trealaímh a úsáidtear chun toirt leachta a thomhas go cruinn.

Reoitear toirt chinnte d'uisce leachtach ina chiúb oighir le ciumhaiseanna d'fhad 2 cm aige.

- (ii) Ríomh toirt an chiúib oighir.

Riomhaireacht



- (iii) Breac síos na haonaid a úsáidtear chun an toirt a thomhas. _____


- (iv) Scríobh an litir V in aice leis an ráiteas ceart thíos.

	Tá toirt an chiúib oighir níos lú ná toirt an uisce leachtach
	Tá toirt an chiúib oighir mar an gcéanna le toirt an uisce leachtach
	Tá toirt an chiúib oighir níos mó ná toirt an uisce leachtach

- (b) Le doimhneacht athraíonn an brú i leacht.

(9)

- (i) Sa léaráid taispeántar buidéal uisce agus trí pholl chomhionanna déanta ann ag leibhéal dhifriúla. Is féidir an t-uisce a fheiceáil ag teacht as poll B. Tarraing conair an uisce a mbeifeá ag súil lena fheiceáil ag teacht amach as an mbuidéal ag poll A agus poll C.



- (ii) Déanann tumadóir scúba snámh go mall síos tríd an uisce. Conas a athraíonn brú an uisce agus é ag dul síos?



(c) Is í an Ghrian príomhfhoince an fhuinnimh ar Domhan.

(18)

- (i) Críochnaigh an abairt thíos agus ceann amháin de na focail as an mbosca á úsáid agat.


“Gluaiseann teas ón nGrian go dtí an Domhan le _____.”

**Seoladh
Radaíocht
Comhiompar**

(1) (2)


- (ii) Nuair a lonraíonn solas ar rud, is féidir scáth a chruthú, mar a thaispeántar sa léaráid.

Mínigh conas a chruthaítar scáth an ruda ar an bpíosa cártá.



- (iii) Nuair a bhuaileann solas scáthán déantar é a frithchaitheamh. Mínigh an focal a bhfuil líne faoi.

- (iv) Sa léaráid thíos taispeántar ga amháin solais agus scáthán á bhualadh aige. Comhlánaigh an léaráid chun a thaispeáint cá dtaistealaíonn an ga tar éis dó an scáthán a bhualadh.



- (v) Déan cur síos ar shampla amháin de chaoi a bhfuil frithchaitheamh an tsolais úsáideach sa ghnáthshaol laethúil.

Ceist 9

(39)

- (a) Sa chiorcad ar dheis taispeántar dhá bholgán, ceallra agus lasc.


(9)

- (i) An bhfuil an dá bholgán i straithcheangal *nó* i dtreocheangal? _____

- (ii) Lasann an dá bholgán nuair a dhúntar an lasc.

Tar éis cúpla nóiméad séideann bolgán A (múchann sé).

Cad a tharlaíonn do bholgán B ag an am seo?



(1) (2)

- (iii) An bhfuil an sruth ón gceallra ina s.a. *nó* s.d.? _____

- (b) Sa ghriangraf taispeántar cíteal leictreach.



(12)

- (i) Críochnaigh an abairt thíos agus ceann amháin de na focail as an mbosca á úsáid agat.

“Baintear úsáid as cíteal leictreach chun uisce a fhiuchadh agus is tontú é seo ó fhuinneamh leictreach go dtí fuinneamh _____. ”

**Ceimiceach
Teasa**

- (ii) Cén aidhm atá ag an bhfiús i bplocóid an chitil?

- (iii) Tá grádú cumhachta 2 kW ag an gcíteal. Baintear úsáid as chun uisce a fhiuchadh ar feadh 3 huaire.

Ríomh líon na n-aonad leictreachais (kWh) a úsáideann an cíteal.

Ríomhaireacht

- (iv) Is é an costas ar aonad leictreachais amháin a úsáid ná 18 cent.



Ríomh costas an leictreachais chun an cíteal a úsáid.

Ríomhaireacht

- (c) Rinne mac léinn turgnamh chun fiosrú a dhéanamh ar an ngaol idir déine an tsolais agus friotaíocht i gciorcad ina bhfuil friotóir solas-spleách (LDR *i mBéarla*). (12)

Ar clé tá cuid den trealamh a d'úsáid an mac léinn.

Ar dheis tá graf na dtorthaí a fuair an mac léinn.



- (i) Conas a d'athródh an mac léinn déine an tsolais atá ag lonrú ar an LDR?

-
- (ii) Ainmnigh an píosa trealaimh lipéadaithe X, a úsáidtear chun friotaíocht a thomhas.
-

- (iii) Ón ngraf breac síos conas a athraíonn an fhriotaíocht de réir mar a mhéadaíonn déine an tsolais.
-

- (iv) Déan cur síos ar shlí amháin a bhféadtar LDR a úsáid sa ghnáthshaol laethúil.
-
-

- (d) Agus na focail as an mbosca á n-úsáid agat, críochnaigh na habairtí thíos. (6)

- (i) “Bailíonn leictreachas statach ar rudaí áirithe nuair a _____ iad.”

**Chuimlítar
Thalmhaítar**

- (ii) “Cailltear leictreachas statach as rud nuair a _____ é.”

SPÁS D'OBAIR BHREISE

Taispeáin go soiléir uimhir na ceiste / na gceisteanna, agus an chuid den cheist, atá á freagairt agat.

Don
scrúdaitheoir
amháin

(1) | (2)